



Forbraíodh Rian Oidhreachta Fhionnghlaise i gcaitheamh roinnt blianta, le díograis agus tacaíocht grúpaí pobail áitiúla agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. I 2013, cuireadh painéil agus plaiceanna eolais ar an Rian, a phléann le stair agus forbairt Fhionnghlaise ón ré Luath-Chríostaí. Tógann sé idir 1 agus 2 huair an chloig leis an rian, a thaispeántar ar an léarscáil os comhair, a dhéanamh.

Bhí Fionnghlas (a chiallaíonn Sruth Glan) mar shuíomh do cheann de na mainistreacha luath-Chríostaí ba thábhachtaí in Éirinn. Ba é Naomh Cainneach, a bhfuil cuimhne air fós i go leor de na logainmneacha áitiúla, a bhunaigh an mhainistir timpeall 560 A.D.

Ó aimsir luath, bhí tábhacht straitéiseach ag baint le hionad ard Fhionnghlaise, agus é ag féachaint ó dheas thar chathair Bhaile Átha Cliath agus taobh leis an bpríomhbhealach trádála ón iarthuaisceart. Cuimhnítear ar thionchar na Lochlannach fós sa chírín den fhiach dubh Lochlannach atá mar shiombail don cheantar. I 1171, tháinig arm an Rí Lochlannaigh, Henry III chuig an bhFionnghlas agus de réir an fhinscéil, chuir sé uafás ar mhuintir na háite nuair a leag siad garrán de chrainn naofa, a deirtear gur chuir Naomh Cainneach é i dtailte na seanmhainistreach.

I rith an 13ú agus an 14ú haois, thaitin ceantar Fhionnghlaise le hArdeaspaga Bhaile Átha Cliath, agus bhí a n-áit chónaithe ar tugadh "The Court" uirthi, mar áras mór rathúil ann ar feadh na



mblianta fada. Faoin 16ú haois, tugadh 'baile breá' ar Fhionnghlas agus bhí sé mar ionad spóirt móréilimh le haghaidh mhuintir shabhair Bhaile Átha Cliath ar minic go ndéanais seilg agus go mbíodh áiteanna cónaithe acu sa cheantar.

I rith éirí amach 1641, bhí arm de 1,000 fear agus trúpa capall ag teastáil chun an ceann is fearr a fháil ar reibiliúnaigh a raibh seilbh gafa acu ar Theach an Choirnéil Arthur Hill i bhFionnghlas. Tar éis a mbua i gCath na Bóinne i 1690, chuir saighdiúirí an Rí Liam Oráiste fúthu i bhFionnghlas ar feadh roinnt laethanta sula ndeachaigh siad chuig Baile Átha Cliath. Déantar an t-imeacht a chomóradh le críoch-chomhartha áitiúil a dtugtar Múrtha Cosanta an Rí Liam air, cé gur cosúil go dtagann siad ó

thréimhse níos luaithe. Le himeacht ama tháinig forbairt ar phobal an tsráidbhaile agus tógadh roinnt tithe móra sa cheantar mórtimpeall air, ba é an ceann ba shuntasáí ná Teach Farnham, áit a raibh cónaí ar John Maxwell, an chéad Tiarna Farnham as an gCabán. Go luath sa 19ú haois rinneadh sanatóirí agus tearmainn as cuid mhór de na tithe sin, Farnham ina measc, chun freastal ar ríachtanais na cathrach ina aice.

I rith an 19ú haois, bhí nádúr an tsráidbhaile iargúlta ag Fionnghlas fós, agus a fhaiche, a chuid eaglaisí agus a scoil áitiúil ag a lár agus cuireadh síos air ag tús na haoise nua mar bheith 'déanta suas den chuid is mó' de thithe beaga a tógadh go neamhrialta'. Níor tháinig bruachbhaile an lae inniu chun cinn go dtí na 1950í nuair a chuir Bardas Bhaile Átha Cliath



tús le forbairt Fhionnghlaise Thoir agus Thiar, agus tithe a raibh géarghá leo á gcur ar fáil aige le haghaidh daonra Bhaile Átha Cliath a bhí ag dul i méid. Ar láthair chrann cáiliúil na Bealtaine, arbh é an ceann ba mhó a raibh clú air i mBaile Átha Cliath agus a raibh stoic an tsráidbhaile ann roimhe sin, tá leacht don laoch poblachtach, an Ceannfort Dick McKee. I dTobar Phódraig, a deirtear ar feadh na gcéadta go bhfuil leigheas le fáil ann, rinne Turcach bréagach, a thug an t-ainm uasal Achmet Borumborad air féin (Éireannach darb ainm Patrick Joyce a bhí ann i ndáiríre) iarracht ionad spá a dhéanamh.

Nasc inbhraite leis an am fadó atá sa Chrois Íochtarach, a rinneadh a athchóiriú agus a cuireadh suas arís in áit onórach i reilig Chainnigh le linn na 1800í.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Comhairle Cathracha Bhaile Átha Cliath ar T: (01) 222 5400 E:northwestarea@dublincity.ie W: www.dublincity.ie



LÁITHREACHA INSPÉISE

● Dealbh Mháthar agus Linbh

Chruthaigh Elizabeth McLaughlin an dealbh chré-umha seo dar teideal "Let the Life Flow Through". Tá leanbh á iompar san aer ag máthair. Leanaí ón gceantar áitiúil a dhear an seal cré-umha atá le fáil ar an bplionta. Tá an dealbh suite ag an grosbhealach idir Plás Fhionnghlaise agus Bóthar Fhionnghlaise.

● Clog Shráidbhaile Fhionnghlaise:

In 2018 d'oscail an tArdmhéara a bhí ann ag an am, Micheál Mac Donncha, clog ornáideach agus spás cathartha nua ag an grosbhealach idir Bóthar Bhaile Shéamais & Bóthar Shéamais Mhic Aonghasa. Tá an Clog agus an Spás Cathartha seo tiomnaithe do ghrúpa Bailte Slachtmhara Shráidbhaile Fhionnghlaise.

● Dealbh Liam Uí Mhaoilíosa:

Poblachtach Éireannach agus polaiteoir de chuid Shinn Féin ba ea Liam Ó Maoilíosa, 1892-1922. Toghadh sa Chéad Dáil mar Theachta Dála é, dhíúltaigh sé don Chonaradh Angla-Éireannach agus ghabh fórsaí a bhí ar son an Chonartha é i rith Chogadh Cathartha na hÉireann. Chuir fórsaí an tSaorstáit Liam Ó Maoilíosa chun báis in 1922. I mí na Nollag 2019, nochtadh dealbh chuimhneacháin ar Bóthar Mhic Easmainn, Fionnghlas.



● Dealbh "Spiorad Fhionnghlaise":

Ba é Leo Higgins a chruthaigh an dealbh "Spiorad Fhionnghlaise" sa bhliain 1991. Tá an dealbh déanta de theilgin de lámha daoine áitiúla atá eagraithe i gcruth fiach dubh.

● Plaic Ghorm Shéamais Mhic Aonghasa:

In 2019, nochtadh plaic ghorm chuimhneacháin oifigiúil de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag láthair an tí ar fhás Séamas Mhic Aonghasa aníos ann i bhFionnghlas, teach a leagadh go talamh sna 1960idí. Reachtáladh an searmanas seo nuair a bhí comóradh á dhéanamh ar 100 bliain ó rugadh an ceoltóir, amhránaí, bailitheoir béaloidis agus craoltóir aitheanta seo. Nocht an Comhairleoir Paul McAuliffe, thar ceann Ard mhéara Bhaile Átha Cliath, an phlaic taobh amuigh de Burgess Galvin & Co. Ltd ar Bóthar Bhaile Shéamais.

● Oibilisc Chomórtha 1916:

In 2016, nochtadh leacht chuimhneacháin i Sráidbhaile Fhionnghlaise chun comóradh a dhéanamh orthu siúd a thacaigh le saoirse na hÉireann. Is Oibilisc an leacht chuimhneacháin ar Bóthar Shéamais Mhic Aonghasa agus tá ceithre bhrat an Éirí Amach le feiceáil go soiléir greanta sa mharmaid snasta liath. Is iad oibríthe deonacha Chomhpháirtíocht Athnuachana Shráidbhaile Fhionnghlaise le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, gnóthaí áitiúla & grúpaí pobail atá freagrach as an ómós cuí seo. Tá seacht gorann curtha mórtimpeall ar an leacht chuimhneacháin - léiriú ar na seacht síniú a cuireadh leis an bhForógra ar an lá sollúnta sin inár stair in earrach 1916.

Finglas Historical Society

Meet last Tuesday of every month

New Members welcome

FOR MORE INFORMATION PLEASE CONTACT

thefinglashistoricalsociety@gmail.com

PH: (01) 2225400



Tours ✓ Discuss Local History ✓ Promote Finglas ✓



Finglas Tidy Towns
Caring for our environment



Help make a difference to our village

New members welcome

Contact: (01) 222 5400



EOLAS ÚSÁIDEACH:

1. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Lárionad Cathrach Fhionnghlaise
Bóthar Uí Mhaoilíosa
T. 01 222 5400

2. Seirbhís Leabharlainne
Sráidbhaile Fhionnghlaise
T. 01 834 4906

3. Ionad Fóillíochta Fhionnghlaise
Bóthar Uí Mhaoilíosa
T. 01 222 8620


4. Ionad Eolais do Shaoránaigh
Sráidbhaile Fhionnghlaise
T. 076 1077360

5. Stáisiún an Gharda Síochána,
Fionnghlas
Bóthar Uí Mhaoilíosa
T. 01 666 7500



Tá bealaí bus le fáil ag
www.dublinbus.ie


**FIONNGLAS
FINGLAS**
Conair Oidhreachta
Heritage Trail



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council




Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



1. TOBAR PHÁDRAIG

Tá sé ainmnithe i ndiaidh Éarlamh na hÉireann, a deirtear de réir an traidisiúin, gur ól sé uaidh ar a chuairt ar Fhionnghlas, maítear go bhfuil leigheas ar “shúile tinne agus ar othrais dhianseasmhacha” le fáil in uiscí tobair.



2. TEAMPALL CHAINNIGH

Is cosúil gur bhunaigh Naomh Cainnigh an Mhainistir. Bhí sé mar chéad Ab uirthi agus tá dhá heaglais i bhFionnghlas ainmnithe ina dhiaidh.



3A/B. MÚRTHA COSANTA AN RÍ LIAM

Tá cuid amháin, a thugtar “an bosca faoistine” uirthi sa cheantar áitiúil, mar gheall ar chruth cubachail a chuid tacal, suite i bPlás Thobar Phádraig. Tá an chuid eile déanta suas de struchtúr bhalla cloiche agus seomra bogtach ag a cheann thiar, i ngairdín Theach Reachtaire Chainnigh. **TABHAIR FAOI DEARA:** Ní féidir féachaint air ach trí thuras eagraithe. Déan teagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Ceantair Fhionnghlais, 01 2225400.



4. LÁTHAIR ADHLACTHA LOCHLANNACH

Tar éis tochairtí seandálaíochta a dhéanamh i 2004 nochtadh uaigh dhronuilleogach chun ina raibh cnámharlach neamhiomlán mná idir 25 agus 35 bliana d’aois agus a chuaigh siar go láir an naoú haois.



5. MAINISTIR AGUS REILIG CHAINNIGH

Tá taisí go leor daoine mór le rá a raibh baint acu le Fionnghlas thar na céadta sa reilig. Tá Elizabeth Wollstonecraft-Bishop, aintín Mary Shelley, údar Frankenstein curtha sa reilig, chomh maith le col ceathair i bhfad amach leis an mBanphrionsa Diana.



6. AN CROIS ÍOCHTARACH

Tá dearadh Ceilteach ar an gCros Íochtarach, atá beagnach 3mm in airde, agus tá sé an-chosúil ó thaobh stíle le trí hardchros in Ardeaglais Fhearna, Co. Loch Garman.



7. LÓISTE GEATA THEACH FARNHAM

Bhí Teach Farnham, a thóg an Tiarna John Maxwell i lár na 1700í agus a bhfuil tailte móra timpeall air, i measc na n-áiteanna cónaithe tíre ba bhreátha sa cheantar.



8. TEACH CHNOC NA RÓS

Teach mórthaibhseach ón ochtú haois déag luath a bhfuil buanna móra ailtireachta agus ealaine ag baint leis é Cnoc na Rós a chuirtear a dhearadh i leith an ailtire cháiliúil Edward Lovette Pearce a dhear na foirgnimh Pharlaiminte ar Fhaiche an Choláiste.



9. LEACHT MHC AODHA

Tá Leacht Mhic Aodha suite ar phóna sráidbhaile tosaigh Fhionnghlaise áit a ndéanadh an pobal magadh faoi choirpigh sna stocai. Ina dhiaidh sin bhí an ceantar mar láthair do cheann den dá Chrann Bhealtaine i mBaile Átha Cliath san ochtú haois.



10. EAGLAIS CHAITLICEACH CHAINNIGH

Leagadh an bhunchloch le haghaidh Eaglais Chaitliceach Chainnigh ar Dhomhnach na Fola an 21 Samhain 1920. Rinne Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, an Dr. Edward Byrne, an eaglais a thiolacadh go hoifigiúil i Mí na Nollag 1922.



11. TEACH GHARRÁN NA FUINSEOIGE

Tá Teach Gharrán na Fuinseoige ar rinneadh taifead air den chéad uair i léarscáil Rocque i 1762, i measc líon beag struchtúr ó shean-sráidbhaile Fhionnghlaise atá fós ann.



12. TEACH CHNOC AN GHLEANNA

Bhí Teach Chnoc an Ghleanna a tógadh go luath sna 1900í le haghaidh mhuintir Craigie, bunaitheoirí Merville Dairies, a tugadh Premier Dairies orthu ina dhiaidh sin, mar áras an teaghligh go dtí 1970.



13. TEACH SAN EILÉANA

Tógadh Teach San Eiléana ag deireadh an ochtú haois, is cosúil gur mar theach Duair le haghaidh thuismitheoirí John Maxwell, céad Bharún Farnham an Chabháin, a tógadh é.